**RABHADH**

**NÍ MÓR duit an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo** ⇒

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

**DÉ CÉADAOIN, 21 MEITHEAMH 2006, MAIDIN 9.30 - 12.00**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - ARDLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid I agus **ceithre** cheist as Cuid II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid I.

## CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag.**
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

## CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn II ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN II A FHREAGAIRT.**

# CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag.**
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**1.** Liostaigh, de réir méide, na trí earnáil a chomhdhéanann geilleagar na hÉireann:

(i) ______________________

(ii) ______________________

(iii) ______________________

**2.** Conas a shainmhínítear feirmeoir sa Daonáireamh? ______________________

______________________

**3.** Luaigh DHÁ dhifríocht mhóra idir an toisc bhainistíochta sa Talmhaíocht agus sa Tionsclaíocht:

(i)______________________

(ii)______________________

**4.** Luaigh DHÁ shaintréith den fheirmeoireacht atá neamhfhabhrach don mhargaíocht:

(i) ______________________

(ii)______________________

**5.** Sainmhínigh 'deischostas' agus léirigh do fhreagra é le tagairt d'fheirmeoir aonair.

SAINMHÍNIÚ: ______________________

______________________

SAMPLA: ______________________

**6.** Luaigh DHÁ chúis a bhfuil sofhreagracht íseal d'athruithe praghsanna ag táirgeacht na bhfeirmeacha.

(i)______________________

(ii)______________________

**7.** Luaigh DHÁ shaintréith de mhargadh lániomaíoch.

(i) ______________________

(ii)______________________

**8.** "Is **Éileamh Díorthaithe** é an t-éileamh ar thalamh." Mínigh an ráiteas sin.

______________________

______________________

**9.** Más é 1.0 praghasleaisteachas an éilimh ar thráchtearra, conas a iompraíonn an t-ioncam é féin de réir mar a athraítear an chainníocht a chuirtear ar an margadh?

______________________

**10.** Cad é Luach Caipitlithe toisc tháirgeachta? ______________________________

______________________________

**11.** Mínigh an téarma boilsciú de bharr 'Tarraingt an Éilimh'? Luaigh sampla AMHÁIN.

______________________________

______________________________

SAMPLA: ______________________________

**12.** Is é an Cóimheas Leachtachta ar Chlár Comhardaithe feirme ná: ______________________________

**13.** Cad a bhíonn á thomhas ag 'Téarmaí Trádála' feirmeoirí? ______________________________

______________________________

**14.** Cén fáth a bhfuil ainm mar atá ar Innéacs na Páirt-Táirgiúlachta? ______________________________

______________________________

**15.** Mínigh an téarma 'cúngach praghsanna-costas' san fheirmeoireacht. ______________________________

______________________________

______________________________

**16.** Tabhair breac-chuntas ar DHÁ chúis le hidirghabháil rialtais, d'ainneoin bhuntáistí na saorthrádála.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**17.** Luaigh DHÁ iarmhairt eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ar Thalmhaíocht na hÉireann de bharr mhéadú an Aontais Eorpaigh le déanaí.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**18.** Luaigh DHÁ shampla de Bheartais Lasmuigh den Fheirm a chuireann le hioncam feirmeoirí.

SAMPLA: ______________________________

SAMPLA: ______________________________

**19.** Déan idirdhealú idir Rialachán de chuid an Aontais Eorpaigh agus Treoir de chuid an Aontais Eorpaigh mar ionstraimí reachtacha.

______________________________

______________________________

**20.** Scríobh breac-chuntas ar an gClár um Chabhair Dhéthaobhach atá ag Éirinn.

______________________________

______________________________

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.***

# CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn II ar an gceistpháipéar seo.

**1.** **(a)** Sainmhínigh **Oll-Aschur Talmhaíochta** na Feirme Náisiúnta.

**(b)** Is iad seo a leanas sonraí na bliana 2004:

| | € milliún |
|---|---|
| Oll-Aschur Talmhaíochta | 14,500 |
| Ábhair agus Seirbhísí | 7,350 |
| Tobhaigh | 70 |
| Tuarastail agus pá | 640 |
| Fóirdheontais | 4,625 |
| Dímheas | 1,813 |
| Íocaíochtaí Úis | 520 |

Ríomh na nithe seo a leanas:

(i) Olltáirgeacht Talmhaíochta ar phraghsanna an mhargaidh;
(ii) Olltáirgeacht Talmhaíochta ar thoisc-chostas:
(iii) Glantáirgeacht Talmhaíochta ar thoisc-chostas;
(iv) Ioncam ó Fheirm Theaghlaigh na Feirme Náisiúnta.

**(c)** Mínigh cén fáth a bhfuil an Phríomhoifig Staidrimh (CSO, *i mBéarla*) buartha faoi bhailíocht an mheastacháin ar íocaíochtaí úis atá déanta ag feirmeoirí le hinstitiúidí iasachta.

**[50 marc]**

**2.** **(a)** Mínigh na tosca a chuirfeadh gníomhaireacht iasachta san áireamh agus iarratas ar iasacht ó fheirmeoir á mheasúnú acu.

**(b)** Is iad seo a leanas na Sonraí Airgeadais a bhaineann le Feirm Theaghlaigh:

Ioncam Glan Airgid €40,000
Caiteachas Teaghlaigh €32,000

Bain úsáid as na sonraí thuas agus ríomh an iasacht is mó a d'fhéadfadh an feirmeoir a mhaoiniú, más é an aisíocaíocht bhliantúil ar iasacht €1000 ná €320.
Taispeáin do chuid oibre.

**(c)** Mínigh na tosca ina mbainfeadh feirmeoir úsáid as gach ceann díobh seo a leanas:

(i) Buiséad Sreabhadh Airgid;
(ii) Breithmheas ar Infheistíocht.

**[50 marc]**

**3.** **(a)** (i) Déan idirdhealú idir praghas éilimh leaisteach agus praghas éilimh neamhleaisteach.

(ii) Mínigh cén fáth a bhféadfadh éileamh leaisteach a bheith ar tháirge talmhaíochta amháin agus éileamh neamhleaisteach a bheith ar tháirge eile.
Luaigh sampla AMHÁIN **i ngach** cás.

**(b)** Is é seo a leanas Sceideal an Éilimh do tháirge talmhaíochta i margadh na hÉireann

| Praghas an Táirge Talmhaíochta Per kg (€) | Méid a Ceannaíodh Tonaí/sa bhliain ’000 |
|---|---|
| 4.0 | 25 |
| 3.0 | 30 |
| 2.0 | 35 |
| 1.0 | 45 |

(i) Bain úsáid as na sonraí thuas agus ríomh praghasleaisteachas an éilimh, má laghdaítear an praghas ó €3 go €2.


(ii) An bhfuil an t-éileamh leaisteach nó neamhleaisteach? Mínigh do fhreagra.

**(c)** Mínigh Dlí Engels. Cén impleacht atá sa dlí sin do thalmhaíocht na hÉireann?

**[50 marc]**

**4.** **(a)** Mínigh an coincheap ‘feidhm na táirgeachta’.

**(b)** Sa léaráid seo a leanas léirítear conas a d’athraigh feidhm na táirgeachta, a thaispeánann ceangal idir ionchur leasachán agus aschur arbhair san Aontas Eorpach, idir 1990 agus 2005:



(i) Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar, agus cuir lipéid ar na haiseanna agus ar fheidhmeanna na táirgeachta sna blianta 1990 agus 2005.
(ii) Mínigh an chúis atá leis an gcruth atá ar fheidhm na táirgeachta.
(iii) Mínigh DHÁ thoisc thábhachtacha a bhí mar chúiseanna leis an aistriú i bhfeidhm na táirgeachta

**(c)** Mínigh na critéir a fhéadann treoir a thabhairt d’fheirmeoirí nuair a dhéanann siad cinneadh táirgeachta.

**[50 marc]**

**5.** Tá an díchúpláil tugtha isteach do na tráchtearraí móra go léir faoin gComhbheartas Talmhaíochta.

**(a)** Mínigh an téarma 'díchúpláil' san Eacnamaíocht Talmhaíochta **agus** tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a bhí lena thabhairt isteach.

**(b)** Mínigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an díchúpláil ar THRÍ cinn ar bith díobh seo a leanas:

**(i)** táirgeacht feirme;
**(ii)** fostaíocht i dtionscal próiseála an bhia;
**(iii)** an timpeallacht;
**(iv)** an tomhaltóir.

**[50 marc]**

**6.** **(a)** Mínigh TRÍ theorainn eacnamaíocha atá ag Beartas um Chabhair Bhia do thíortha tearcfhorbartha (LDC, *Béarla*).

**(b)** "Is í an trádáil, seachas cabhair bhia, an réiteach fadtréimhseach ar na fadhbanna atá ag tíortha thearcfhorbartha (LDC, *Béarla*)."

Ó thaobh na heacnamaíochta de, scríobh breac-chuntas ar chúiseanna a n-aontófaí nó nach n-aontófaí leis an ráiteas sin.

**(c)** (i) Mínigh teoiric an Bhia agus an Daonra atá breacrianaithe ag Thomas Malthus.
(ii) Cé chomh hábhartha atá an teoiric sin inniu? Mínigh do fhreagra go hachomair.

**[50 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.***

Leathanach Bán

Leathanach Bán